Review: *Bodach an Chóta Lachtna* (Nic Chárthaigh)

Breandán Ó Cróinín

Celtica 38 (2026), 579–583

DOI: 10.58480/SCS-9te9g-g3w47

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/

REVIEW

Bodach an Chóta Lachtna. In eagar ag Deirdre Nic Chárthaigh.. Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath: Baile Átha Cliath, 2025. ix + 232 lch. €25 (bog) €35 (cruaidh). ISBN 978-1-85500-257-9.

Is é seo an tarna himleabhar i Sraith na Nua-Ghaeilge Moiche de chuid Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, imleabhar ina bhféachtar le heagrán deifnídeach 'den téacs deireanach Fiannaíochta *Bodach an Chóta Lachtna*' (BCL) a chur ar fáil (1). Tá an t-eagrán bunaithe ar thráchtas dochtúireachta a chríochnaigh an t-eagarthóir, Deirdre Nic Chárthaigh, sa bhliain 2019 agus is léir gur deineadh a thuilleadh oibre ar an dtéacs ó shin sarar cuireadh faoi bhráid phobal scoláirí agus lucht léite na Nua-Ghaeilge araon é.

Dob fhéidir a rá go bhfuil BCL ar cheann des na scéalta Fiannaíochta is mó go bhfuil eolas ag léitheoirí na Gaeilge air toisc gur cuireadh eagráin éagsúla de i gcló ón 19ú haois ar aghaidh – eagráin a phléitear go cuí san nua-eagrán so gan amhras – agus, i dtaobh gur scéal taitneamhach grinn atá ann, is mó athinsint ar an scéal a cuireadh ar fáil ó shin bunaithe ar na heagráin scoláiriúla chéanna. Táim ag cuimhneamh go háirthe anso ar na hathinsintí breátha a sholáthraigh Cormac Ó Cadhlaigh (1936: 135–9) agus Niall Ó Dónaill (1996 [1942]: 48–52) agus is cuid de stair BCL iad san leis, dar liom.

Beidh cur amach éigin ag mórán daoine, mar sin, ar bhunphlota agus ar bhunmhóitíf an scéil seo: an stróinséir mistéireach, Bodach an Chóta Lachtna, a thagann i gcabhair ar Fhionn agus ar Fhianna Éireann nuair a sháraíonn sé an laoch arrachtach fíochmhar, Caol an Iarainn, mac Rí na Teasáille – atá ag iarraidh Éire a chur faoi smacht – i rás reatha agus ansan i gcomhrac aonair. Beidh sé soiléir ón gcur síos so a leanas ar an mBodach féin, cur síos a fhaighimid luath go maith sa téacs, go bhfuil an greann áiféiseach go mór chun tosaigh i stíl na hinsinte, agus is mar sin atá ó thosach deireadh an scéil i ndáiríribh. Soláthraíonn an sliocht so, chomh maith, dea-shampla den slí ina bhfuil an téacs curtha faoi bhráid an léitheora, agus sampla maith sa tslí chéanna den modh eagarthóireachta atá roghnaithe ag Nic Chárthaigh, rud a phléifear níos déanaí:

> Do chonnairc sē, ag gabháil tre cheartlár an bhóthair 'na agh*aidh* san tslighe, aitheach uathmhar urghránna ⁊ cōta lachtna síos go colp*aidh*e a dhá chos ime agus leithead lánbhoise fir chalma do mhéis dóibe ar íochtar an chóta sin ⁊ g*ach* uair dá dtógbhadh a chos, do bhuail*eadh* an t-íochtar dóib-sin an chóta fa cholpaidhe a dhā chos, ionnas go mbain*eadh* fuaim agus fothram asda b*udh* clos lánmhīle f*ea*rainn uadha, ⁊ b*udh* samhail do chrann seōil luinge mōire g*ach* cos don dā chois do bhī ag iomhchar an chuirp

© Dublin Institute for Advanced Studies
https://doi.org/10.58480/SCS-9te9g-g3w47

> aimhrialta-sin an fhir mhóir agus b*udh* samhail do bhád bronn-fhairsing g*ach* bróg don dá bhróig do bhí fa chrúbaibh crotacha camingneacha an aithigh fhuathmhair urghrānna sin ⁊, g*ach* cois-céim dā siubhl*adh*, ⁊ g*ach* uair dá dtóg[bh]*adh* a chos, do sgardadh sē lān bairille don ghreallach ⁊ don uisge as g*ach* brōig suas fo íochtair a chuirp ⁊ fana mhāsaibh air f*éin*. (118–20)

Tabharfar faoi ndeara sa sliocht thuas an 'stíl fhoirmleach, ornáidithe' (25) a bhíonn le fáil i bhformhór mór na scéalta rómánsacha ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, agus faoi mar a mheabhraíonn Nic Chárthaigh dúinn tá gné 'den fhéinscigaithris' (25) i gceist sa téacs so faoi mar a bhíonn i mórán téacsanna ó dheireadh na tréimhse seo. Tá ceist seo na stíle agus mórán eile pléite go mion aici sa réamhrá cuimsitheach eolgaiseach atá ag tosach an leabhair, réamhrá ina soláthraíonn sí achoimre ar an dtéacs féin (3), agus ina bpléann sí comhthéacs agus foinsí liteartha an téacsa (3–16), sara dtugann sí faoi phlé a dhéanamh ar an ngreann agus ar an ngáirsiúlacht atá le fáil ina n-orlaí tríd síos ann (16–24). Deintear plé cruinn ina dhiaidh sin ar stíl phróis an scéil (25–8) agus ar na rainn filíochta a gheibhtear i roinnt lámhscríbhinní déanacha (naoi gcinn de dhánta atá curtha in eagar in Aguisín II: 173–93). Tugtar cuntas suimiúil dúinn ansan ar na leaganacha ar fad den dtéacs a cuireadh i gcló ón naoú haois déag ar aghaidh, ag tosnú leis an leagan a foilsíodh san *Irish Penny Journal* sa bhliain 1840 (28–33), sa tslí is ná fuil aon chloch fágtha gan iompó ag an eagarthóir ach a dtugann sí faoi chuntas a thabhairt ar roinnt tagairtí don dtéacs atá le fáil i litríocht na Gaeilge agus i litríocht an Bhéarla i bhfoinsí éagsula ón seachtú haois déag ar aghaidh (34–5).

Is dócha gurb í an fhoinse chlóite agus an t-eagrán is clúití den dtéacs a luaitear sa réamhrá ná eagrán Phádraig Mhic Phiarais a cuireadh amach sa bhliain 1906, 'an t-eagrán is mó a raibh tionchar aige ar scaipeadh an scéil taobh amuigh de chiorcail léannta' (32), agus tá an plé a dheintear anso ar mhodh eagarthóireachta an Phiarsaigh suimiúil sa mhéid is go ndeineann sí amach nár fhág an Piarsach aon rud 'suntasach' ar lár ina eagrán féin de BCL agus nár dhein sé 'aon athrú mór ar an bplota' (32), marab ionann agus téascsanna eile a chuir sé in eagar, go háirithe *Bruidhean Chaorthainn* gur fhoilsigh sé eagrán de sa bhliain 1908. Mar sin féin, teaspánann Nic Chárthaigh go soiléir anso na saghsannna athruithe ó thaobh litrithe agus gramadaí a dhein Mac Piarais 'ós íseal' trí shleachta lámhscríbhinne a chur i gcomparáid leis an dtéacs a sholáthraigh sé ina eagrán féin (33). Is sampla gléineach é seo den gcríochnúlacht atá le braistint ar gach aon leathanach d'eagrán so Nic Chárthaigh sa tslí is gur léir ó thosach gur eagrán den gcéad scoth atá anso againn.

Tá, dar leis an eagarthóir, 58 lámhscríbhinn ar marthain inniubh i measc lámhscríbhinní na Gaeilge ina bhfuil 'cóip, cóipeanna nó blúire' (37) de BCL le fáil iontu agus ceann de bhuanna móra an eagráin seo is ea ní hamháin an tslí ina dtugtar cuntas cruinn beacht ar gach aon cheann acu so (37–51) ach an tslí ina n-éiríonn le Nic Chárthaigh an líon mór lámhscríbhinní seo a rangú go cruinn córasach ina dhiaidh sin (51–73), agus leaganacha éasgúla den dtéacs

á n-aithint aici bunaithe (i) ar 'f(h)ianaise imhthoisceach', sé sin le rá dátaí agus áit scríofa na lámhscríbhinní; (ii) ar 'leaganacha éagsúla de chríoch an scéil' agus, ní nach iontach, (iii) ar mhalairtí 'i gcúrsaí foclóra agus teanga'. Tá obair éachtach déanta sa chuid seo den tsaothar ag Nic Chárthaigh go háirithe agus samplaí de mhalairtí á soláthar aici i bhfoirm táblaí (57–75) chun gur fusa go mór don léitheoir an argóint atá á déanamh mar le rangú na dtéacsanna a leanúint go soiléir, rud a fhágann nach móide go bhfuil aon dabht ná go bhfuil lán an chirt aici nuair a deir sí gur féidir 'trí phríomhghrúpa mar atá A, B agus C' agus '[s]eacht bpríomh-fhoghrúpa' (A1, A2, B1, B2, B3, C1 agus C2) a aithint i seachadhadh an téacsa (53).

Is é seo an tátal atá le baint as an obair seo ar fad, dar leis an eagarthóir: 'cé nach féidir craobh ghinealaigh iomlán údarásach de thraidisiún lámhscríbhinní BCL a rianú ina bhfuil áit ag gach finné, an tuiscint atá agam ar sheachadadh an téacs ná go bhfuil leaganacha ar leith den scéal tagtha anuas chugainn ach iad ar fad síolraithe ó bhunfhoinse choiteann, agus bunstruchtúr an scéil mar an gcéanna iontu uile' (72). Ar a shon go bhfuil 'coimeádachas ag baint leis an traidisiún lámhscríofa', meabhraíonn Nic Chárthaigh dúinn gur próiseas cruthaitheach atá ann ag an am gcéanna, faoi mar a léiríonn 'na mionathruithe agus an t-ornáidiú a dhealaíonn na leaganacha óna chéile' (72).

Tá an plé agus an cur síos atá déanta ag Nic Chárthaigh ar theanga BCL (73–100) chomh cáiréiseach cruinn céanna leis an bplé ar na lámhscríbhinní atá díreach luaite agam. Meabhraíonn sí dúinn go bhfuil an teanga in BCL níos nua-aimseartha ná gramadach na Nua-Ghaeilge Clasaicí, 'caighdeán liteartha a leagadh amach do chumadh an dáin dhírigh', ach nach ionann san is a rá 'go bhfuil aon locht ar an nGaeilge sa téacs seo nuair a imíonn sí ón gcaighdeán sin' (73). Is pointe tábhachtach é seo agus níl aon amhras orm ná go gcuireann an cur síos pointeáilte seo go mór lena bhfuil ar eolas againn faoi theanga phróstéacsanna déanacha na tréimhse, agus gur mór an áis an chuid seo den leabhar d'éinne a bheadh ag tabhairt faoi théacs den gcineál so a chur in eagar as so amach. Cuimsíonn an cur síos so plé ar dheilbhíocht an ainmfhocail (73–8), ar an réamhfhocal (78–85), ar uimhreacha (85–6), ar dheilbhíocht an bhriathair rialta (86–7), ar dheilbhíocht an bhriathair neamhrialta (87–92) ar ghnéithe de chomhréir na mbriathra agus an bhriathair choibhneasta (92–7), ar fhorainmneacha aidiachtaí agus dobhriathra (97–8) agus ar ortagrafaíocht na lámhsríbhinne ar a bhfuil an t-eagrán féin bunaithe (98–100), agus mar chuid de seo soláthraítear na foirmeacha ar fad des na réamhfhocail agus des na forainmneacha réamhfhoclacha ar fad atá sa téacs (81–5) maraon leis na foirmeacha ar fad des na briathra neamhrialta (89–92).

Ina dhiaidh seo, tugann an t-eagarthóir faoi dháta ceaptha an téacsa a mheas. Luann sí an dáta inar ceapadh an lámhscríbhinn is luaithe den dtéacs, 1731, mar '*terminus ante quem*' (101), agus luann an tagairt do Bharún Inse Uí Chuinn sa téacs mar fhianaise ar shórt *terminus post quem* sa mhéid is gur cruthaíodh an teideal oifigiúil seo sa bhliain 1543 d'Iarla Thuaman, Murchadh Ó Briain, 'mar chuid den pholasaí géillte agus athbhronnta' na linne úd (101). Dá bhrí sin, maítear anso gur féidir a rá gur cumadh an leagan den scéal 'mar atá sé tagtha anuas chugainn […] idir 1543 agus 1731' (101). Mar sin féin,

cé go bhfuil sé seo ar fad ana-shoiléir, deineann Nic Chárthaigh, iarracht an tréimhse cuíosach leathan so a chúngú beagáinín trí fhilleadh ar an bhfianaise theangeolaíoch agus trí fhianaise sheachtrach a lua chomh maith, sé sin le rá na tagairtí do mhóitíf an fheistis lachtna sa litríocht a pléadh sa réamhrá (3–16) agus béim ar thagairt do 'chóta lachtna' i ndán de chuid Dháibhí Uí Bhruadair, 'Dursan Éag Éamoinn Mhic Gearailt', a cumadh *c.* 1666–7. Is é seo an chéad tagairt do '*chóta* (seachas brat) *lachtna*' (108) dá bhfuil againn sa litríocht, agus b'fhéidir go bhfuair Ó Bruadair an leagan so ón dtéacs BCL. Toisc go dtugann an fhianaise theangeolaíoch le fios go bhfuil an téacs breac le foirmeacha déanacha (m.sh. líon na bhfoirmeacha scartha den mbriathar, bá na rémíre 'do' srl. (103–8)) ná fuil comónta in aon chor roimh an seachtú haois déag, is é tuairim mheáite an eagarthóra i ndeireadh thiar thall ná 'gur ceapadh BCL *c.* 1600–60' (109). Dar ndóigh, ba dhána an mhaise d'éinne againn dáta cumtha cruinn deifnídeach a lua le haon cheann de théacsanna Fiannaíochta na tréimhse seo, ach ba dheacair argóint a dhéanamh le haon chuid de sin.

Ba dheacair, ach oiread, argóint a dhéanamh leis an gcinneadh a dhein an t-eagarthóir (109) an leagan den dtéacs atá curtha in eagar anso a bhunú ar an lámhscríbhinn is luaithe dá bhfuil ar marthain inniubh, sé sin ARÉ 23 M 23, lámhscríbhinn a bhreac Aodh Ó Maolmhuaidh ó Chontae Ros Comáin sa bhliain 1731 agus é i mbun a chúraim mar scríobhaí i mBaile Átha Cliath de réir dealraimh (37). Is é an phríomhaidhm a bhí ag an eagarthóir eagrán ' 'aon-téacs' a chur ar fáil […] chomh gar don bhunleagan agus is féidir a rianú' (109) ach, mar sin féin, aithnítear anso go bhfuil 'bailíocht ag na finnéithe eile ar an scéal atá tagtha anuas chugainn', go bhfuil 'ról ar leith acu uile i seachadadh an scéil', agus gur 'léiriú iad gur próiseas dinimiciúil atá i gceist le seachadadh na bpróstéacsanna sa tréimhse iarchlasaiceach' (110). Toisc gur eagrán 'aon-téacs' é seo, agus nach féidir dá bhrí sin an próiseas seachadta ar fad a léiriú chinn an t-eagarthóir ar shleachta ó leaganacha éagsúla a sholáthar sna hAguisíní (157–72) agus, ina theannta san, pléann sí mórán malairtí sna nóta téacsa (141–55).

Mínítear ansan go cruinn soléir an modh eagarthóireachta a tharraing an t-eagarthóir chúichi féin (109–14) agus mar chuid de seo míníonn sí an cur chuige a bhí aici mar leis an aistriúchán den dtéacs a chuir sí ar fáil ar gach re leathanach – an téacs Gaeilge ar thaobh na láimhe clé agus an leagan Béarla ar an leathanach thall (116–39). Deir sí gur mar 'thaca don leagan Gaeilge' a cuireadh an t-aistriúchán ar fáil agus gur chuir sí roimpi a bheith dílis don mbunleagan agus dá bhrí sin gur thug sí 'tosaíocht do dhílseacht don bhuntéacs thar éascaíocht agus líofacht an Bhéarla' (113). Ní dóigh liom féin go bhféadfaí an t-aistriúchán a lochtú in aon tslí agus níl aon dabht ná gur cabhair mhór do léitheoirí é, go háirithe do dhaoine ná beadh an oiread san taithí acu ar léamh na Nua-Ghaeilge Moiche.

Cloítear tríd síos sa téacs féin (116–39) leis an modh eagarthóireachta faoi mar a míníodh é sin sna leathanaigh díreach roimhe sin, agus caitheann na 'nótaí ar an téacs' (141–55) solas breise ar ghnéithe éagsúla den dtéacs mar is cuí, m.sh. ainmneacha na gcarachtar, áitainmneacha, foirmeacha neamhchoitianta briathara le crostagairtí don bplé ar chúrsaí teangan féin (73–100).

Fágann sé seo ar fad gur mór an pléisiúr é an téacs féin a léamh agus, faoi mar a bheidh soiléir ón sliocht den dtéacs a soláthraíodh lastuas, bíonn an t-eagarthóir dílis do theanga an lámhscríbhinne tríd síos. Teaspántar scaoileadh noid na lámhsríbhinne le cló iodálach i gcásanna amhrais amháin, agus deintear formhór na leasuithe is gá a dhéanamh ó thaobh litrithe ós íseal nó 'go ciúin' mar is ceart dar liom, agus iad ar fad mínithe sa mhodh eagarthóireachta. Is fuirist don léitheoir an téacs féin a léamh toisc an cur chuige seo a bheith in úsáid – cur chuige atá trédhearcach tríd síos – agus an t-aon ní amháin go mbeadh aon deacracht agam féin leis ná an macran a bheith in úsáid chun sínte fada ná fuil sa lámhscríbhinn a theaspáint cé go dtuigim go mb'fhéidir go mbeadh an iomad léamh lámhscríbhinne le cur isteach mara mbeadh sé in úsáid. An lochtófaí an t-eagarthóir a déarfadh gur chuir sé nó sí sínte fada atá ar iarraidh sa lámhscríbhinn isteach go ciúin nó ós íseal? Ach is mionphointe é sin agus chuaigh an cnáimhseálaí seo féin i dtaithí ar an macran céanna tar éis cúpla leathanach.

Ní dócha go mbeidh aon dabht ar éinne a thugann faoin imleabhar breá so a léamh ná go bhfuil gaisce déanta ag Nic Chárthaigh leis an leagan thar a bheith críochnúil seo de BCL a chur in eagar. Tá curtha go mór aici le léann na Fiannaíochta agus na Nua-Ghaeilge Moiche araon sa tsaothar so agus, mara bhfuil dearúd orm, is é seo an chéad eagrán de théacs próis Fiannaíochta ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche a cuireadh i gcló ó foilsíodh eagrán Neasa Ní Shéaghdha de *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* sa bhliain 1969. Is deimhnitheach dá bhrí sin go gcuirfidh scoláirí agus léitheoirí Gaeilge araon fáilte mhór roimhe. Luadh ag tús an léirmheasa so gurbh é an aidhm a bhí ag an eagarthóir ná 'eagrán deifnídeach' den téacs Fiannaíochta, *Bodach an Chóta Lachtna*, a chur ar fáil agus níl aon amhras orm ná go bhfuil an sprioc san aimsithe ag Deirdre Nic Chárthaigh óir ní dócha go mbeidh eagrán eile den dtéacs so ag teastáil go deo. Níl le rá ina dhiaidh sin ach go bhfuil moladh mór ag dul do Scoil an Léinn Cheiltigh in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath as an bhfoilseachán snasta so a chur ar fáil sa tsraith seo agus níorbh aon díobháil a lua go gcuireann an íomhá shuaithinseach den mBodach a dhear Laoighseach Ní Choistealbha do chlúdach an leabhair an dlaoi mhullaigh ar an saothar ardchaighdéain seo.

Tagairtí

Ó Cadhlaigh, Cormac 1936: *An Fhiannuidheacht* (Baile Átha Cliath).
Ó Dónaill, Niall 1996 [1942]: *Seanchas na Féinne* (Baile Átha Cliath).

Breandán Ó Cróinín
Coláiste Mhuire gan Smál